An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

# Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

## Nóta faisnéise do scoileanna

Lúnasa 2025, Eagrán 12

# Faisnéis agus Nuashonraithe ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

## Réamhrá

Fáilte ar ais! Is é seo an dara heagrán déag i sraith nótaí faisnéise de chuid na Roinne Oideachais ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Cuireann na nótaí seo nuashonruithe ar fáil do phobail scoileanna ar fheidhmiú céimneach an chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Tá an nóta faisnéise ar fáil ar gov.ie/seniorcycle agus tá fáilte roimh scoileanna naisc a sholáthar chuige óna láithreáin ghréasáin agus ó láithreacha digiteacha eile.

## Príomh-nuashonraithe

**Ábhair Thráinse 1 –** beidh scoláirí a bheidh ag tosú sa chúigiú bliain i Meán Fómhair 2025 in ann staidéar a dhéanamh ar 9 n-ábhar athbhreithnithe nua an scoilbhliain seo.

**Modúil Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 - faofa anois**
Beidh modúil bhreise Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 chomh maith le Ráiteas Cláir nuashonraithe ar fáil anseo go luath.

**Sonraíochtaí ábhair Thráinse 2 – ar fáil go luath**. Tá gach ábhar agus modúl Tráinse 2 faofa anois ag Aire Helen McEntee T.D, agus beidh siad ar fáil ar curriculumonline.ie go luath.




**Sa phictiúr**: O'Hara agus Iseult Doggett Finnie, atá ag dul isteach sa chúigiú bliain i Scoil Chéim a hAon, Coláiste Pobail Chluain Toirc, i mí Mheán Fómhair. Ádh mór orthu siúd go léir atá ag dul isteach sa chúigiú bliain, a bhfuil rochtain acu ar naoi n-ábhar nua agus athbhreithnithe.

# Ábhair Thráinse 1

## Tá ábhair Thráinse 1 i scoileanna anois

**2**
**ábhair nua**

Ar a laghad
**40%**
le haghaidh CMBanna

**7**
**ábhair le sonraíochtaí nuashonraithe**

Tugadh an chéad Tráinse de na hábhair faoi Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí isteach sa churaclam náisiúnta agus tá staidéar á dhéanamh orthu i scoileanna anois. Tá sonraíocht athbhreithnithe ag seacht de na naoi n-ábhar seo a thagann in áit na sonraíochtaí roimhe seo. Beidh an rogha ag scoláirí a bheidh ag tosú sa chúigiú bliain staidéar a dhéanamh ar 7 n-ábhar athbhreithnithe a nuashonraíodh le déanaí nó ar 2 ábhar nua. Meabhrúchán faoi na hábhair seo:

**Bitheolaíocht; Gnó; Ceimic; Fisic; Araibis; Laidin; Sean-Ghréigis; Staidéar Drámaíochta, Scannán agus Amharclannaíochta agus Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe.**

### An treoir shamplach – ag teacht!

Eiseoidh an treoir shamplach Chomhpháirteanna Measúnaithe Breise in 8 n-ábhar de na hábhair Chuid 1 i mí Mheán Fómhair 2025. I ndiaidh sin, eiseofar treoir bheo sna hábhair seo i mí Eanáir 2026.

### Fíordheimhniú obair chúrsa

Tá sé ar intinn ag Coimisiún na Scrúduithe '*Rialacha agus Nósanna Imeachta maidir le hObair Chúrsa*' a eisiúint i mí Mheán Fómhair agus bainfidh sé leis an obair chúrsa a chuirtear i gcrích le linn na scoilbhliana 2025/26 agus leis an obair chúrsa ar fad, lena n-áirítear na CMBanna nua sna blianta ina dhiaidh sin. Áireofar leis na *Rialacha agus Nósanna Imeachta comhdhlúite maidir le hObair Chúrsa* sonraí faoi na róil agus freagrachtaí atá ag scoláirí/iarrthóirí, múinteoirí agus bainistíocht na scoile maidir le hobair chúrsa bhailí a chur i gcrích, a fhíordheimhniú agus a chur isteach. Tá forbairt na *Rialacha agus Nósanna Imeachta maidir le hObair Chúrsa* beagnach i gcrích agus beidh sé mar ábhar comhairliúcháin le páirtithe leasmhara sula gcuirtear i gcrích iad.

# Páipéir scrúdaithe shamplacha

Tá páipéir scrúdaithe shamplacha le hagaidh na seacht n-ábhar leasaithe agus an dá ábhar úrnua Tráinse 1 de chlár athfhorbartha na Sraithe Sinsearaí ar fáil.


## Ar fáil anois

- I ngach ábhar, tá dhá pháipéar shamplacha ag an ardleibhéal agus dhá cheann ag an ngnáthleibhéal; ceithre pháipéar shamplacha san iomlán i ngach ceann de na naoi n-ábhar.
- San Araibis, tá dhá chomhad fuaime Cluastuisceana shamplacha agus dhá pháipéar cluastuisceana shamplacha (ceann amháin ag an ardleibhéal agus ceann amháin ag an ngnáthleibhéal) do gach comhad fuaime; mar sin, ceithre pháipéar Cluastuisceana san iomlán.
- Sna páipéir shamplacha sa Staidéar Drámaíochta, Scannánaíochta agus Amharclannaíochta tá léaráidí samplacha san áireamh.
- Tá 36 páipéar shamplacha san iomlán síos trí na 9 n-ábhar. Tá na páipéir uile ar fáil as Gaeilge freisin, mar sin is é sin 72 páipéar shamplacha san iomlán.
- Tá na páipéir shamplacha lipéadaithe Sampla 1 agus Sampla 2 i ngach ábhar agus ag gach leibhéal.

Tá páipéir scrúdaithe shamplacha ar fáil anseo

Tá doiciméad ceisteanna coitianta ar fáil anseo

Tá seimineáir ghréasáin pháipéir shamplacha á gcur ar fáil ag Oide ag tosú ar an 28 Aibreán i ngach ábhar Tráinse 1 trí mheán an Bhéarla. Beidh seimineáir ghréasáin sa Ghnó, sa Bhitheolaíocht, sa Cheimic agus san Fhisic á gcur ar fáil trí mheán na Gaeilge ag tosú ar an 14 Bealtaine. Tá clárú oscailte anois agus tá sonraí seolta chuig scoileanna.



# Meabhrúchán: Amlínte d’Ábhair Mheasúnaithe Shamplacha le haghaidh Tráinse 1

### Ar fáil anois

Tá treoirlínte maidir le Comphairt Measúnaithe Bhreise (CMB) ar curriculumonline.ie

### Ar fáil anois

Tá ceithre pháipéar scrúdaithe shamplacha – dá cheann don Ardleibhéal agus dá cheann don Ghnáthleibhéal – i leith gach ábhar Tráinse 1 ar examinations.ie

### Meán Fómhair 2025

Cuirfear sonraíochtaí in ábhair nua agus in ábhair athbhreithnithe isteach sna scoileanna. Beidh treoir shamplach don CMB in ocht n-ábhar sna scoileanna i Meán Fómhair. Eiseofar rialacha agus nósanna imeachta maidir le hobair chúrsa freisin.

### Éanair 2026

Eiseofar an treoir bheo le haghaidh CMBanna in ocht n-ábhar.

# Forbairtí curaclaim – Tráinse a hAon – Tacaí Drámaíochta, Scannánaíochta agus Amharclannaíochta

## Acmhainní Teicniúla

Bhunaigh an Roinn creat le haghaidh trealamh léiriúcháin scannán a sholáthar do scoileanna Chéim a hAon a thairgeann Drámaíocht, Scannánaíocht agus Amharclannaíocht, arb ábhar nua í. Tríd an bpróiseas sin, táthar ag comhlíonadh an ghealltanais ón Aire an trealamh is gá a sholáthar do scoileanna chun tacú go hiomlán le huaillmhianta an churaclaim chorraithigh nua seo.

Beidh gach scoil de Chéim a hAon in ann trealamh ceamara agus scannánaíochta (e.g., ceamaraí, lionsaí, tríchosaigh), trealamh fuaime (e.g., meascthóirí beo, córais fógartha poiblí, trealamh dír-ionchuir) agus trealamh soilsiúcháin scannán a ordú go díreach ó na soláthraithe ar an gcreat. Tá dhá sholáthraí ann, ceann amháin a sholáthraíonn trealamh ceamara, agus ceann eile a sholáthraíonn trealamh fuaime agus soilsiúcháin.

Eiseofar ciorclán chuig gach scoil de Chéim a hAon sna laethanta amach romhainn, ina sonraítear conas orduithe a dhéanamh don trealaimh seo.

Ní gá do scoileanna ach foirmeacha ordaithe a chur faoi bhráid agus seachadfar an trealamh go díreach ar scoileanna ansin. Moltar do scoileanna **orduithe a chur isteach** faoin **12 Meán Fómhair 2025**.

Bunófar creat breise le haghaidh trealamh stáitsithe agus trealamh gaolmhar.

## Deontas Tacaíochta do Scoileanna Chéim a hAon le haghaidh Drámaíocht, Scannánaíocht agus Amharclannaíocht a Chur Chun Feidhme

Gheobhaidh gach scoil de Chéim a hAon atá sa scéim saoroideachais deontas bliantúil €50 in aghaidh an scoláire chun tacú le rannpháirtíocht leis an ábhar nua sa scoilbhliain 2025/26. Déanfar an íocaíocht go huathoibríoch faoi dheireadh na bliana 2025, agus í á déanamh go díreach le scoileanna Chéim a hAon nó leis an mBord Oideachais agus Oiliúna iomchuí.

# Forbairtí curaclaim – Tráinse a hAon – Tacaí Drámaíochta, Scannánaíochta agus Amharclannaíochta

## Cainéal Drámaíochta, Scannánaíochta agus Amharclannaíochta - seirbhísí sruthaithe meán ar fáil anois

Tá an Roinn agus Institiúid Scannán na hÉireann ag soláthar seirbhís sruthaithe meán lena dtugtar do scoileanna Chéim a hAon rochtain ar ábhar agus acmhainní forordaithe chun tacú leis an tsonraíocht nua.

Leis an tseirbhís, cumasaítear do na múinteoirí cláraithe iar-bhunscoile sin i scoileanna Chéim a hAon a theagascann Drámaíocht, Scannánaíocht agus Amharclannaíocht ábhar a shruthú, gan aon teorainn leis an líon amharc. Léigh an phreaseisiúint anseo.

Tá síntiús leis an National Theatre Collection ar Drama Online á sholáthar ag an Roinn do scoileanna Chéim a hAon freisin, áit ar féidir amharc ar an léiriú a rinne an National Theatre ar 'Home' sa bhliain 2013.



# Forbairtí curaclaim – Tráinse a hAon – Gníomhú ar son na hAerdáide agus Forbairt Inbhuanaithe

## Deontas Bunaithe Aonuaire do Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe

Íocfar deontas bunaithe aonuaire €5,000 le scoileanna Chéim a hAon a bhfuil Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe á thabhairt isteach acu don Ardteistiméireacht i mí Mheán Fómhair 2025.

## Deontas Tacaíochta do Scoileanna Chéim a hAon le haghaidh Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe a Chur Chun Feidhme

Gheobhaidh gach scoil de Chéim a hAon atá sa scéim saoroideachais deontas bliantúil €50 in aghaidh an scoláire chun tacú le rannpháirtíocht leis an ábhar nua sa scoilbhliain 2025/26.

Ní bheidh aon phróiseas iarratais ann. Ina ionad sin, déanfar anailís ar na sonraí atá tugtha ag do scoil i dtuairisceán mhí Dheireadh Fómhair uaithi chun an deontas cuí a mheasúnú. Déanfar an íocaíocht go huathoibríoch faoi dheireadh na bliana, agus í á déanamh go díreach leis an scoil nó leis an mBord Oideachais agus Oiliúna iomchuí.

Foilseofar anseo ciorclán maidir leis na hacmhainní atá á soláthar do scoileanna Chéim a hAon.

## Na Scoileanna Uile de Chéim a hAon

### Leithdháileadh Tosaigh Múinteoirí

Mar a fógraíodh sa Leabhrán Faisnéise a soláthraíodh tráth an Ghlao ar Iarratais, tá leithdháileadh breise de 0.2 múinteoir coibhéise lánaimseartha in aghaidh na scoile (ceithre huaire an chloig) á sholáthar ag an Roinn do scoileanna Chéim a hAon (Drámaíocht, Scannánaíocht agus Amharclannaíocht agus Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe) sa scoilbhliain 2025/26, ar mhaithe le haislíonadh poist a éascú. Méadófar an leithdháileadh sin go 0.4 múinteoir coibhéise lánaimseartha (ocht n-uaire an chloig) sa scoilbhliain 2026/27. Níl an leithdháileadh ag brath ar mhéid an rang-ghrúpa.

# An t-ábhar dualgais do Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta

Rinneadh an t-ábhar dualgais do Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta (an Ardteistiméireacht) a nuashonrú do na blianta acadúla 2025-27, 2026-28 agus 2027-2029. Beidh an t-ábhar dualgais seo le scrúdú sna scrúduithe stáit in 2027, 2028, 2029.

Iarrtar ar scoileanna a thabhairt faoi deara go ndearnadh Rogha B a leasú:

**ROGHA B**

**Foirm**: Amharclannaíocht Fíoragallamh

Déan iniúchadh ar an bhfoirm seo agus a léiriú éifeachtach i dtaispeántais amharclannaíochta

**Léiriú ainmnithe an dráma:** Léiriú 2013 *Home* leis an Amharclann Náisiúnta, Londain (drámadóir & stiúrthóir: Nadia Fall)

Tá an Roinn ag tabhairt síntiús le Bailiúchán  na hAmharclainne Náisiúnta do Scoileanna Chéim a hAon atá ar an ardán ‘Drama Online’, áit inar féidir féachaint ar an léiriú seo.

Beidh an ciorclán nuashonraithe iomlán ar fáil go luath.

# Forbairtí curaclaim – Tráinse 1

## Deontais eolaíochta

I Nollaig 2024, fógraíodh sonraí faoi dheontas Tacaíochta nua um Fheidhmiú na hEolaíochta chun tacú le scoileanna ábhair Eolaíochta na Sraithe Sinsearaí athbhreithnithe a leathadh amach. Faoin deontas seo, fuair gach scoil sa scéim saor in aisce maoiniú breise agus buníocaíocht íosta de €13,000 suas go huasmhéid de €24,200, lena n-áirítear ardú 10% sa bhreis ar leibhéal an deontais do scoileanna DEIS.

Tugadh an fhéinriail do scoileanna an maoiniú breise seo a úsáid ar bhealach a oireann an scoil agus é seo a chur i bhfeidhm dá riachtanais Eolaíochta a aithnítear go háitiúil.

Chun tacaíocht bhreise a thabhairt do scoileanna agus na hábhair eolaíochta athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm, leathnófar an Deontas Fisice & Ceimice chun Bitheolaíocht agus Eolaíocht Talmhaíochta a áireamh, chomh maith leis na trí ábhar cháilithe atá ann cheana - Ceimic, Fisic agus Fisic & Ceimic - agus méadófar an deontas ó €13 go €25 in aghaidh an scoláire de réir ábhar (cáilithe).

Íocfar Deontas Tacaíochta na hEolaíochta 2026 do scoileanna in Eanáir 2026, níos luaithe ná an gnáthdháta íocaíochta i mí an Mheithimh. Ó 2026 agus blianta ina dhiaidh sin, íocfar an deontas eolaíochta i mí Eanáir gach bliain.

# Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

## Sonraíocht nua agus Ráiteas Cláir nuashonraithe

Ceadaíodh sonraíochtaí don churaclam Cúraim Phearsanta agus sraith d’aon sruth roghnacha dhéag mar chuid de Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2, agus foilseofar iad roimh dheireadh mhí Lúnasa. Beidh siad ar fáil anseo a luaithe a bheidh siad foilsithe.

Rinneadh tuilleadh nuashonruithe ar an Ráiteas Cláir, chun athruithe ó thaobh teanga agus téarmaíochta de a léiriú.

## Ciorclán

Foilseofar ciorclán tiomnaithe maidir le Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí go luath, agus beidh siad ar fáil ag gov.ie/seniorcycle.

## Scoláirí Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 a Chlárú

Feachfaidh an Roinn anois le sonraí a thaifeadadh i ndáil le scoláirí atá ag gabháil do na cláir foghlama. Trí shonraí clárúcháin agus measúnaithe a thaifeadadh, cuirfear bonn eolais faoi phleanáil na Roinne, lena n-áirítear, mar shampla, post tiomnaithe freagrachta a leithdháileadh mar chuid de na bearta tacaíochta arna gcomhaontú ag TUI. Dá bhrí sin, moltar go láidir do scoileanna na sonraí sin a thabhairt ar ais don Roinn trí POD nó trí PPOD, de réir mar is cuí

Tá sonraí iomlána faoin bpróiseas, in éineacht leis an bhfoirm toilithe ar fáil anseo.

Eiseoidh an CSS sonraí iomlána faoin bpróiseas bailíochtaithe le haghaidh deimhniú ar na Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit, lena n-áirítear sonraí faoin bpróiseas chun iarrthóirí a chlárú don Ardteistiméireacht 2026 agus treoracha do scoileanna rannpháirteacha, níos déanaí sa bhliain.

## Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 – post freagrachta

Bunóidh an Roinn Post Freagrachta i scoileanna a thairgeann cláir foghlama Leibhéal 1/Leibhéal 2 agus a chomhlíonann critéir incháilitheachta áirithe. I measc nithe eile, bheadh freagracht ar an bpost sin as Cláir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2026 agus as pleanáil a dhéanamh d’aistrithe scoláirí iomchuí tar éis dóibh an scoil a chríochnú.

**Le teacht go luath –** imeacht corraitheach chun cur i bhfeidhm Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí a chomóradh!

# Dul Chun Cinn ar an Doiciméad Tacaíochta Cur Chun Feidhme agus ar an nGrúpa Cur Chun Feidhme Iar-bhunscoile

Forbraíodh pacáiste láidir tacaí, ar a dtugtar na Bearta Tacaíochta Cur Chun Feidhme, i mí na Bealtaine, tar éis plé fairsing le ceardchumainn na múinteoirí.

Is é atá sa phacáiste ná sraith fhadréimseach beart atá ceaptha chun tacú le scoileanna agus múinteoirí leanúint leis an bhfís le haghaidh athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí a chomhlíonadh.

Ghlac na comhaltaí d’Aontas Múinteoirí Éireann (TUI) leis an bpacáiste agus dhiúltaigh na comhaltaí de Chumann na Meánmhúinteoirí, Éire (ASTI), dó sna ballóidí faoi seach a sheol siad níos luaithe an samhradh seo.

I gcomhréir le ceann amháin de na gealltanais atá sa phacáiste tacaíochta, bhunaigh an Roinn Grúpa Cur Chun Feidhme Iar-bhunscoile. Ní chuimsíonn an grúpa sin ach ionadaithe ón Roinn agus ó TUI, faoi láthair.

Sna pléití sin, tá dul chun cinn substainteach á dhéanamh ar nithe cur chun feidhme roimh mhí Mheán Fómhair, lena n-áirítear i ndáil leis an idirbheartaíocht ar uaireanta Pháirc an Chrócaigh.

Tháinig an Roinn le chéile le TUI ceithre huaire go dtí seo, agus iad ag teacht le chéile den uair is déanaí i mí Lúnasa 2025.

## Comhlachtaí bainistíochta scoile

Freisin, tá an Roinn ag plé go díreach le comhlachtaí bainistíochta scoile maidir le cur i bhfeidhm Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí, agus na Bearta Tacaíochta Cur Chun Feidhme. Cinntíonn an rannpháirtíocht seo tuiscint ar chomhthéacsanna scoile, agus ar ghuth na múinteoirí agus na gceannairí scoile.

## Dul Chun Cinn ar an Doiciméad Tacaíochta Cur Chun Feidhme agus ar an nGrúpa Cur Chun Feidhme Iar-bhunscoile

Tháinig an Roinn le chéile le TUI ceithre huaire go dtí seo agus áiríodh na nithe seo a leanas leis na pléití;

- An tábhacht a bhaineann le soláthar cuimsitheach Foghlama Gairmiúla Múinteoirí agus tacaí gaolmhara, go háirithe in ábhair ina bhfuil comhpháirteanna measúnaithe breise á dtabhairt isteach den chéad uair. Comhaontaíodh é sin, agus déanfar tuilleadh rannpháirtíochta I rith na scoilbhliana nua, chun monatóireacht a dhéanamh ina leith.
- Mhol TUI go láidir go leathnófaí marcanna bónais chuig obair chúrsa i ngach ábhar Ardteistiméireachta a thógfar trí Ghaeilge ó Ardteistiméireacht na bliana 2027 ar aghaidh, agus ní i gcás ábhair Thráinse 1 amháin. Chomhaontaigh an Roinn leis an leathnú sin. Eiseoidh ciorcláin lena leasófar Riail 29 de na Rialacha agus Cláir do Mheánscoileanna go luath.
- Chuir TUI fáilte roimh fhaomhadh shonraíochtaí thráinse a dó i mí Lúnasa. Ar an tslí sin, comhlíonadh an gealltanas na sonraíochtaí a sholáthar do mhúinteoirí bliain amháin ar a laghad roimh chur chun feidhme.
- Dheimhnigh an Roinn go bhfaigheadh na scoileanna uile cruachóipeanna de shonraíochtaí Thráinse 1 roimh thús na scoilbhliana nua. D’iarr TUI go soláthrófaí cruachóipeanna de shonraíochtaí Thráinse 2 do mhúinteoirí freisin nuair a bheadh siad foilsithe. Chomhaontaigh an Roinn leis an togra sin.
- Mhol TUI go n-eiseofaí na híocaíochtaí bliantúla Deontais Tacaíochta Eolaíochta i mí Eanáir, ó mhí Eanáir 2026 ar aghaidh. Chomhaontaigh an Roinn leis an leasú sin - féach lch 9 den nóta seo.
- Phléigh TUI agus an Roinn samhlacha leithdháilte le haghaidh Poist thiomnaithe Freagrachta a bhunú i scoileanna a thairgeann cláir Leibhéal 1/Leibhéal 2 agus a chomhlíonann critéir incháilitheachta áirithe ón 1 Meán Fómhair 2026. Leanfar leis an rannpháirtíocht ina leith seo sna seachtainí amach romhainn.
- Phléigh an Roinn agus TUI samhlacha freisin le haghaidh poist Phríomhoide Cúnta 1 agus Phríomhoide Cúnta 2 a sholáthar le haghaidh an tSraith Shinsearach a chur chun feidhme, mar gheall ar a thábhachtaí atá sé tacú le cur chun feidhme Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí.
- Chuir TUI fáilte roimh na cinn bhreise de mhodúil Leibhéal 1/Leibhéal 2 agus roimh an deis a bheadh ag múinteoirí tacú le scoláirí príomhscileanna a fhorbairt agus a aithint. Aithníodh paireacht ghradaim i ndáil le deimhniú do scoláirí a bhaineann Leibhéal 1/Leibhéal 2 amach. Leag TUI béim ar an ngá atá le tacú leis na cláir a lánacmhainneacht a bhaint amach agus le spreagadh a thabhairt do scoileanna na cláir a thairiscint.

## Dul Chun Cinn ar an Doiciméad Tacaíochta Cur Chun Feidhme agus ar an nGrúpa Cur Chun Feidhme Iar-bhunscoile

### Poist freagrachta

Aithníonn an Roinn a thábhachtaí atá sé tacú le cur chun feidhme Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Soláthróidh an Roinn post freagrachta sa bhreis ar leibhéal Phríomhoide Cúnta 1 nó 2 do gach iar-bhunscoil, bunaithe ar an líon scoláirí atá rollaithe sa tsraith shinsearach sa scoil. Cuirfear an post sin chun feidhme ar fud na scoileanna uile ó thús na scoilbhliana 2026/27, agus áireofar leis maolú amchláir ar leibhéal cuí.

Bunóidh an Roinn Post Freagrachta i scoileanna a thairgeann cláir foghlama Leibhéal 1/Leibhéal 2 agus a chomhlíonann critéir incháilitheachta áirithe. I measc nithe eile, bheadh freagracht ar an bpost sin as Cláir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 agus as pleanáil a dhéanamh d'aistrithe scoláirí iomchuí tar éis dóibh an scoil a chríochnú, le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2026.

Eiseofar ciorcláin i leith an dá phost roimh dheireadh na bliana, tar éis paraiméadair gach poist a fhorbairt, trí rannpháirtíocht leis an nGrúpa Cur Chun Feidhme Iar-Bhunscoile agus leis na comhlachtaí bainistíochta scoile.

### Conarthaí Tréimhse Éiginnte

Tá socruithe reatha ann trína bhféadfaidh múinteoirí conarthaí tréimhse éiginnte nó conarthaí buana a fháil, mar atá leagtha amach i gCiorcláin CL24/2015, CL59/2016 agus CL49/2017. Chuir na ceardchumainn múinteoirí argóint chun tosaigh ar son na socruithe a bhaineann leis an tréimhse cháilitheach le haghaidh Conradh Tréimhse Éiginnte nó conradh buan a fháil a athbhreithniú gan na socruithe athbhreithnithe sin a chur in ionad comhaontuithe comhchoiteanna atá ann cheana. Agus aird á tabhairt aici ar an argóint a chuir na ceardchumainn chun tosaigh agus ar na tuairimí a chuir na fostóirí (i.e., na comhlachtaí bainistíochta) in iúl, d'fhógair an tAire an 21 Aibreán 2025 go dtiocfadh múinteoirí a rachadh i mbun an chéad chonartha dá gcuid i bpost teagaisc inmharthana i mí Mheán Fómhair 2025 chun bheith incháilithe do chonradh buan i mí Mheán Fómhair 2026.

Braitheann an incháilitheacht sin ar athcheapachán rathúil tar éis próiseas earcaíochta iomaíoch. Déanfar cibé caidreamh is gá le TUI agus leis na comhlachtaí bainistíochta chun cur chun feidhme a dhéanamh ar na socruithe lena dtabharfar éifeacht don fhógra ón Aire an 21 Aibreán 2025. Is mar chiorclán a fhoilseoidh an Roinn na socruithe sin go luath,  ag aithint a thábhachtaí a bhaineann leis na socruithe sin a fhoilsiú go tráthúil.

# Dul Chun Cinn ar an Doiciméad Tacaíochta Cur Chun Feidhme agus ar an nGrúpa Cur Chun Feidhme Iar-bhunscoile

## Socruithe athbhreithnithe le haghaidh uaireanta Pháirc an Chrócaigh

Admhaítear go bhfuil rannpháirtíocht shuntasach ó mhúinteoirí agus ceannairí scoile ag teastáil chun Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí a chur i gcrích go rathúil. I gcomhréir leis an bpacáiste um Bhearta Tacaíochta Cur Chun Feidhme a foilsíodh i mí na Bealtaine, agus faoin gcomhaontú atá i bhfeidhm anois le múinteoirí a vótáil i bhfabhar an phacáiste sin déanfar athchothromú ar na huaireanta scoile uile Pháirc an Chrócaigh, trí 19 n-uaire an chloig a leithdháileadh ar cheangaltais scoile uile (e.g., laethanta pleanála scoile, oícheanta oscailte, etc.) agus trí 14 huaire an chloig a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí faoi stiúir múinteoirí atá le déanamh ar bhonn ardmhuiníne nach bonn scoile uile é.

Beidh feidhm ag an socrú eatramhach sin ar feadh tréimhse tosaigh trí bliana agus, tar éis athbhreithnithe, beifear in ann é a fhadú go ceann dhá bhliain eile de rogha na Roinne. Ní bheidh uaireanta athchothromaithe i bhfeidhm do mhúinteoirí a dhiúltaigh Bearta Tacaíochta Cur Chun Feidhme níos luaithe i mbliana nó dóibh siúd a roghnaíonn fanacht ar na socruithe reatha  Maidir leis na 14 huaire an chloig de ghníomhaíochtaí faoi stiúir múinteoirí, féadfar am chun tacú go díreach le cur chun feidhme Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí a áireamh iontu, ach ní fhéadfar iad a theorannú dó sin. Úsáidfear na huaireanta sin ar bhonn ardmhuiníne nach bonn scoile uile é. Beidh na huaireanta pro rata do mhúinteoirí páirtaimseartha. Áireofar leis an am sin gníomhaíochtaí comhoibríocha agus comhar i measc múinteoirí agus úsáidfear é chun tacú leis na nithe seo a leanas, i measc nithe eile:

- Pleanáil roinne ábhair agus dearadh curaclaim
- Acmhainní foghlama nua a fhorbairt
- Rannpháirtíocht i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach/Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí bhreise, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le hAthfhorbairt na Sraithe Sinsearaí
- Obair a bhaineann le cleachtais measúnachta múnlaithí a leabú

Gan dochar don athbhreithniú atá ar siúl ar Uaireanta Pháirc an Chrócaigh (ag an gComhairle Eadrána do Mhúinteoirí), beidh feidhm ag an mbeart eatramhach seo lena mbaineann athchumrú Uaireanta Pháirc an Chrócaigh ó thús na scoilbhliana 2025/26 i leith. Tá an beart eatramhach seo gan dochar don athbhreithniú atá á dhéanamh faoi láthair ag an gComhairle Eadrána do Mhúinteoirí ar úsáid Uaireanta Pháirc an Chrócaigh agus d’aon struchtúr buan iarmhartach a d’fhéadfaí a chomhaontú tríd an athbhreithniú sin. Eiseofar Ciorclán ina sonraítear cur síos ar chur i bhfeidhm na socruithe eatramhacha atá leagtha amach thuas chuig gach scoil go luath.

# Dul Chun Cinn ar an Doiciméad Tacaíochta Cur Chun Feidhme agus ar an nGrúpa Cur Chun Feidhme Iar-bhunscoile

## Bunú an Choiste Ualaigh Oibre

Tá an t-ualach oibre ina ábhar mór imní do chumainn na múinteoirí. Bunófar grúpa oibre sainithe an mhí seo chugainn ina mbeidh an Roinn, cumainn múinteoirí - sa chás seo, Aontas Múinteoirí Éireann amháin - comhlachtaí bainistíochta agus gníomhaireachtaí ábhartha eile chun an cur chuige agus na bearta maolaitheacha atá ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na múinteoirí. Bunófar an grúpa oibre an Fómhar seo agus déanfaidh sé imscrúdú ar leith ar na héilimh mhéadaithe atá ag tionscnaimh éagsúla atá le leagan amach ar ualach oibre na múinteoirí (lena n-áirítear ualach oibre an phríomhoide) agus ar chultúr agus eagraíocht na scoile.

## Bunú an Tascfhórsa IS

I Meán Fómhair, bunóidh an Roinn tascfhórsa chun imscrúdú a dhéanamh ar úsáid chuí intleachta saorga (IS) maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú a bhaineann le hAthfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Braithfidh comhdhéanamh an tascfhórsa ar mhachnamh breise, ach beidh ionadaithe na Roinne, cumainn múinteoirí - sa chás seo, Aontas Múinteoirí Éireann amháin - comhlachtaí bainistíochta, Oide, CSS agus an CNCM. Beidh an tascfhórsa seo in ann moltaí a dhéanamh don Ghrúpa Feidhmithe um Múinteoirí Iar-Bhunscoile. I gcás go bhfuil impleachtaí caidrimh thionscail ag na moltaí sin, pléifear na moltaí sin ag an gComhairle Eadrána do Mhúinteoirí. Díreoidh an tascfhórsa ar úsáid chuí agus eiticiúil IS san oideachas, go háirithe maidir le hAthfhorbairt na Sraithe Sinsearaí (oideolaíocht, measúnú agus riarachán san áireamh). Déanfar obair tosaigh an tascfhórsa, a dhíreoidh ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí, de réir amlíne shainithe.

# Nuashonraithe ó Oide

Ag breathnú chun cinn ar Théarma 1 den scoilbhliain 2025/26, leanfaidh Oide air ag obair go dlúth le scoileanna chun tacú le cur chun cinn agus le cur chun feidhme na sraithe sinsearaí athfhorbartha.

Dearadh clár foghlama gairmiúla Oide do 2025/2026 go diongbháilte chun a chur ar chumas múinteoirí agus ceannairí scoile Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí a chur I bhfeidhm trí eispéiris foghlama chomhleanúnacha, chuimsitheacha atá dírithe ar an todhchaí. Tógann na heispéiris seo cumas múinteoirí agus inniúlacht cheannaireachta chun oibriú tríd an athrú curaclaim le muinín, le béim láidir a chur ar ghníomhú scoláirí, nuálaíocht oideolaíoch, agus ar chomhtháthú príomhinniúlachtaí sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú.

Cuimsíonn an clár seo réimse d’eispéireas foghlama gairmiúla idir chinn lárnacha agus roghnacha trasna réimsí ábhair agus róil cheannaireachta. Sna tacaíochtaí don scoil uile agus tacaíochtaí sainiúla ábhair ina dtabharfar aghaidh ar an bhféinmheastóireacht scoile, ar chur i bhfeidhm sonraíochtaí athbhreithnithe agus ar ghlacadh le modheolaíochtaí fiosrúcháin agus tionscadalbhunaithe. Beidh béim ar ghnéithe den mheasúnú i dtacaíochtaí atá pleanáilte d'ábhair Thráinse 1, lena náirítear gníomhaíochtaí le páipéir shamplacha agus le bainistiú na gComhpháirteanna Measúnaithe Breise (CMBnna).

Tabharfar aghaidh ar phleanáil churaclaim, ar dhearadh amchláir agus úsáid straitéiseach acmhainní teagaisc sna tacaíochtaí sainiúla don cheannaireacht. Soláthrófar forbairt cheannaireachta leanúnaí i gcomhthéacs sa réimse leathan clár seo i rith na bliana acadúla 2025/2026.

Tá comhoibriú lárnach i ndearadh shamhail foghlama Oide. Trí sheisiúin chomhoibríocha réigiúnacha agus ar líne cuirtear líonraí gairmiúla faoi stiúir múinteoirí chun cinn, agus cinntíonn tacaíochtaí spriocdhírithe do Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus 2 na hIdirbhliana agus na Sraithe Sinsearaí rannpháirtíocht atá cuimsitheach agus a fhreagraíonn don chomhthéacs. Tá sé mar aidhm ag na tairiscintí seo cultúir ghairmiúla inbhuanaithe a chruthú a thacaíonn le foghlaim fhiúntach, scoláire-lárnach a luíonn leis an bhfís atá ag teacht chun cinn don tSraith Shinsearach.

Eiseofar cóipeanna crua de shonraíochtaí ábhair Tráinse 1 chuig gach scoil, lena n-úsáid sa teagasc agus san fhoghlaim, roimh dheireadh na míosa

## Ábhair Thráinse 2

Tá gach ábhar agus modúl Tráinse 2 faofa anois ag an Aire Helen McEntee T.D, agus beidh siad ar fáil ar curriculumonline.ie go luath. Cuimsíonn Tráinse 2 Cuntasaíocht, Teicneolaíocht Tógála, Innealtóireacht, Béarla, Tíreolaíocht, Corpoideachas, agus Saol, Pobal agus Obair.

### Athrú ar an amlíne cur chun feidhme don Chuntasaíocht agus don Bhéarla

Bhí na hamlínte chun ábhair Tráinse 2 a thabhairt isteach mar chuid de rannpháirtíochtaí le déanaí le comhpháirtithe oideachais, go háirithe le ceardchumainn múinteoirí. Rinneadh tuilleadh plé sa Ghrúpa Cur Chun Feidhme Iar-bhunscoile. Mar aitheantas ar an ngá atá le gnéithe pleanála, cur i bhfeidhm agus achtú an Bhéarla agus na Cuntasaíochta a scrúdú tuilleadh, i gcomhairle le scoileanna, cuirfear moill ar bhliain ar a laghad ar thabhairt isteach an dá shonraíocht sa churaclam. Rachaidh gach sonraíochtaí ábhair eile Tráinse 2 ar aghaidh mar a bhí beartaithe, mar sin: tabharfar isteach do dhaltaí atá ag dul isteach sa chúigiú bliain in 2026. Leanfaidh an Roinn ag obair go dlúth le comhpháirtithe oideachais chun a chinntiú go gcuirfear sonraíochtaí Cuntasaíochta agus Béarla i bhfeidhm go rathúil, mar a fhoilsítear.

### Saol, Pobal agus Obair (ar a dtugtaí LCVP roimhe seo agus mar Pobal, Saol agus Obair sa chomhairliúchán)

Trí Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí, baineadh na srianta roimhe seo a bhain leis na grúpaí ábhair ghairme agus le riachtanais MFL do LCVP. Bhí tionchar infheicthe ag na hathruithe seo cheana féin, le méadú suntasach ar líon na mac léinn a ghlac páirt sa LCVP le blianta beaga anuas.

Coimeádfaidh an Roinn na tacaíochtaí LCVP reatha atá ar fáil do scoileanna, lena n-áirítear post comhordaitheora a chothabháil de réir mar is cuí. Rachaidh an Roinn i dteagmháil freisin le comhghleacaithe sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta lena chinntiú go gcoimeádfar na pointí a bhronntar ar na modúil nasc reatha.

# An Idirbhliain – ag bogadh i dtreo rochtana do chách a aithint

Léirítear an mhian maidir le rochtain a chur ar fáil ar an Idirbhliain do gach scoláire i gClár an Rialtais, atá tiomanta do chlár na hIdirbhliana a leathnú agus ag dul i ngleic leis na bacainní a d'fhéadfadh cosc a chur ar scoláirí páirt a ghlacadh.

Áirítear le Plean an Oideachais 2025 roinnt tiomantas praiticiúil chun rannpháirtíocht san Idirbhliain a leathnú a chur chun cinn agus ag obair i dtreo rogha a bheith ag gach scoláire i ngach scoil páirt a ghlacadh san Idirbhliain, chomh maith leis na bacainní a aithint a d'fhéadfadh cosc a chur ar scoláirí páirt a ghlacadh inti.

Mar atá leagtha amach i bPlean an Oideachais, oibreoidh an Roinn le scoláirí chun tuiscint a fháil ar a spreagthaí agus a roghanna agus iad ag roghnú cé acu a ghlacfaidh siad páirt san Idirbhliain nó a rachaidh siad díreach ar aghaidh go dtí an cúigiú bliain agus oibreoidh sí le scoileanna chun trédhearcacht níos fearr a chinntiú maidir leis an gcaoi a leithdháiltear áiteanna san Idirbhliain ag leibhéal na scoile.

Tá an Roinn ag obair ar rochtain do chách a fhíorú trí mheasúnú a dhéanamh ar leibhéal an éilimh neamhchomhlíonta ar rochtain ar an Idirbhliain, trí na cúiseanna a aithint, agus trína chinneadh conas is féidir cabhrú le scoileanna na bearnaí sin a dhúnadh.

**Bíodh do dheis labhartha agat**!

An bhfuil tú ag iarraidh do chuid smaointe ar rochtain ar an Idirbhliain agus conas a théann sé i bhfeidhm le comhthéacs do scoile? Seol ríomhphost chuig scr_info@education.gov.ie leis an líne ábhair "Rochtain do chách a aithint".

# Marcanna bónais do mheasúnú na Gaeilge

Tá sé mar bheartas seanbhunaithe ag an Roinn Oideachais agus Óige úsáid ghníomhach na Gaeilge ag scoláirí agus i bpobail scoile a spreagadh.

Mar chuid den tiomantas leanúnach atá ag an roinn an Ghaeilge a chur chun cinn agus a chothú tríd an teagasc agus an fhoghlaim a fhaigheann scoláirí agus trí chur leis an gcóras reatha trína mbronntar marcanna bónais i leith comhpháirteanna scrúdaithe scríofa, tá cur i bhfeidhm na marcanna bónais á leathnú anois chuig comhpháirteanna measúnaithe breise agus chuig obair chúrsa freisin, i gcás gur cuí.

Ag teacht sna sála ar an bplé a rinneadh le déanaí ag an nGrúpa Cur Chun Feidhme Iar-bhunscoile, beidh feidhm ag na socruithe leathnaithe sin maidir le gach ábhar Ardteistiméireachta le comhpháirteanna measúnaithe ábhartha sa bhliain 2027 agus i mblianta ina dhiaidh sin.

Faoi chlár Athfhorbartha na Sraithe Sinsearaí, áireofar le gach ábhar nua agus athbhreithnithe comhpháirt measúnaithe breise ar fiú 40% ar a laghad de na marcanna a bheidh ar fáil í. Trí na marcanna bónais a leathnú chuig na comhpháirteanna measúnaithe uile, i gcás gur cuí, aithnítear an luach a bhaineann leis an gcomhpháirt measúnaithe breise agus a comhtháthú beartaithe isteach sa teagasc agus san fhoghlaim a fhaigheann scoláirí, agus cuirtear leis an gcuspóir seanbhunaithe atá ann úsáid na Gaeilge ag gach foghlaimeoir i ngach scoil a spreagadh.

I gCiorclán atá le teacht uaidh, mionsonróidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC) na critéir agus na paraiméadair is infheidhme i leith na marcanna bónais a bhronnadh, ar bhonn ábhar ar ábhar. Cuirfear marcanna bónais i bhfeidhm ar leibhéal an ábhair, agus aird á tabhairt ar an éileamh teanga ar fud na gcomhpháirteanna uile den mheasúnú laistigh den ábhar.

# Athruithe ar an Tuairisceoir Modúl d'Oideachas Sóisialta an ATF – i bhfeidhm anois

Tiocfaidh leasuithe ar an Tuairisceoir Modúl d'Oideachas Sóisialta na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF) i bhfeidhm do gach scoláire ATF atá ag dul isteach sa 5ú bliain/bliain a haon den Chlár ATF ó thús na bliana acadúla 2025/2026.

Leagadh amach sonraí na ndeiseanna seo i gCiorclán 0012/2025, a eisíodh i mí Eanáir 2025.

Tagann athruithe ar an Tuairisceoir Modúl d'Oideachas Sóisialta an ATF i ndiaidh thabhairt isteach na sonraíochta d'Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) na Sraithe Sinsearaí.

Tiocfaidh sonraíocht OSPS na Sraith Sinsearaí in ionad Oideachas Sóisialta an ATF mhodúl 1 (Oideachas Sóisialta agus Sláinte 1) agus mhodúl 4 (Oideachas Sóisialta agus Sláinte 2). Fanfaidh na ceithre mhodúl eile d'Oideachas Sóisialta an ATF mar atá faoi láthair (go dtí go ndéanfar iad a athbhreithniú agus/nó a nuashonrú).

Tá an Tuairisceoir Modúl leasaithe d'Oideachas Sóisialta an ATF do gach scoláire ATF atá ag dul isteach sa 5ú bliain/bliain a haon in 2025 ar fáil ar líne anseo. Tá Ráiteas Cláir an ATF (Nollaig 2024) ar fáil ar líne anseo.

**Acmhainní**
Leanann an obair maidir le hacmhainní a fhorbairt do OSPS na Sraithe Sinsearaí agus táthar ag súil go bhfoilseofar an chéad sraith acmhainní i mí Mheán Fómhair 2025, a dhíríonn ar an snáithe Sláinte agus Folláine. Cuirfear acmhainní breise ar fáil le linn na bliana acadúla.

**Foghlaim Ghairmiúil**
Tá tús curtha ag Oide le seachadadh taithí foghlama gairmiúla dhá lá (TFG), Réamheolas maidir le Sonraíocht OSPS na Sraithe Sinsearaí 2024. Dearadh an TFG seo chun tacú le múinteoirí OSPS na Sraithe Sinsearaí sonraíocht nua OSPS na Sraithe Sinsearaí a phleanáil, a mhúineadh agus a mheasúnú.
Toisc go mbeidh múinteoirí Oideachais Shóisialta ATF ag cur sonraíochta nua OSPS na Sraithe Sinsearaí i bhfeidhm ó thús na bliana acadúla 2025/2026, iarrtar ar scoileanna tosaíocht a thabhairt do mhúinteoirí Oideachais Shóisialta ATF chun freastal ar an TFG dhá lá Réamheolas maidir le Sonraíocht OSPS na Sraithe Sinsearaí 2024.
Tá an ócáid TFG seo á cur i bhfeidhm ar fud na tíre faoi láthair. Tá áiteanna teoranta do bheirt rannpháirtí in aghaidh na scoile chun freastal ar an TFG a chinntiú do líon mór scoileanna.
Forbróidh Oide tuilleadh taithí foghlama gairmiúla sa bhliain acadúil 2025/2026 chun tacú le cur i bhfeidhm Shonraíocht OSPS na Sraithe Sinsearaí.
Le haghaidh tuilleadh eolais faoi chlárú agus fáil ar áiteanna, tabhair cuairt ar www.oide.ie.

Féach thíos an nasc chuig Ciorclán 0012/2025 le haghaidh tuilleadh eolais:

Leasuithe ar an Tuairisceoir Modúl d'Oideachas Sóisialta na hArdteistiméireachta Feidhmí

# Tráinsí breise

## Tráinse 3

Is iad seo a leanas na hábhair de Thráinse 3: Eolaíocht Talmhaíochta, Eolaíocht Ríomhaireachta, Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide, Stair, Eacnamaíocht Bhaile, Matamaitic, Ceol, agus Fisic agus Ceimic

Tabharfar na hábhair isteach sa churaclam náisiúnta do scoláirí a bheidh ag tosú an chúigiú bliain sa bhliain 2027.

Tá Grúpaí Forbartha Ábhair Thráinse 3 ag obair chun dréachtsonraíochtaí a chur ar aghaidh do gach ceann de na hábhair, agus foilseofar dréachtaí le haghaidh comhairliúcháin i rith na bliana acadúla 2025/26.

## Tráinse 4

Is iad seo a leanas na hábhair de Thráinse 4: Ealaín, Eacnamaíocht, Fraincis, Gaeilge, Gearmáinis, Iodáilis, an Pholaitíocht agus an tSochaí, Spáinnis, agus Teicneolaíocht.

Tabharfar na hábhair isteach sa churaclam náisiúnta do scoláirí a bheidh ag tosú an chúigiú bliain sa bhliain 2028.

Tionólfar Grúpaí Forbartha Ábhair Thráinse 4 i mí Mheán Fómhair 2025.

## Gaeilge na hArdteistiméireachta

Tá Gaeilge na hArdteistiméireachta ina cuid de Thráinse 4. Athfhorbrófar an t-ábhar mar chuid den Tráinse seo mar atá beartaithe, agus féachfar an tráth céanna leis an ábhar a ailíniú leis an gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha, mar atá geallta i gClár an Rialtais.

Tabharfar aghaidh ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear aiseolas i dtaca leis na comhpháirteanna ó bhéal agus cluastuiscint, i gcomhthéacs na hathfhorbartha ar shonraíocht an ábhair.

Beidh an t-athbhreithniú ar an ábhar ag teacht le polasaí fadbhunaithe na Roinne chun foghlaimeoirí a spreagadh agus tacú leo a gcuid Gaeilge a fhorbairt agus a úsáid, lena n-áirítear feabhas a chur ar scileanna béil agus cluastuiscint.

Tá tuilleadh faisnéise ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí le fáil ar
https://www.gov.ie/seniorcycle

Is féidir fiosruithe maidir leis an nóta faisnéise seo a chur ar aghaidh go dtí:
scr_info@education.gov.ie.

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth